Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**16179/24**

**RECH 520**
**COMPET 1158**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 29 Samhain 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15553/24 |
| Ábhar: | iomaíochas an Aontais a neartú, an Limistéar Eorpach Taighde a threisiú agus ilroinnt an limistéir sin a shárú<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 29 Samhain 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le *hiomaíochas an Aontais a neartú, an Limistéar Eorpach Taighde a threisiú agus ilroinnt an limistéir sin a shárú*, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4063ú cruinniú a bhí aici an 29 Samhain 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE hIOMAÍOCHAS AN AONTAIS A NEARTÚ, AN LIMISTÉAR EORPACH TAIGHDE A THREISIÚ AGUS ILROINNT AN LIMISTÉIR SIN A SHÁRÚ**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

AG MEABHRÚ DI

– conclúidí an 28 Bealtaine 2021 uaithi maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde a dhoimhniú: Gairmeacha agus dálaí oibre tarraingteacha inbhuanaithe a chur ar fáil do thaighdeoirí agus cúrsaíocht daoine oilte a fhíorú, rud a chuireann i bhfios go láidir nach mór aghaidh a thabhairt ar shreafaí míchothroma taighdeoirí ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach agus a leagann béim ar an ngá atá le tacú le córais taighde a fheidhmíonn ar bhonn níos ísle chun a mealltacht a mhéadú;

– Moladh uaithi an 26 Samhain 2021 maidir le Comhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip, chomh maith leis na conclúidí uaithi maidir le rialachas an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET) amach anseo, ina mbeartaítear comhar neartaithe i measc Bhallstáit an Aontais chun LET iomaíoch a chothú;

– na conclúidí uaithi maidir leis an gClár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht an 2 Nollaig 2022, ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá cúrsaíocht chothrom daoine oilte, agus ina leagtar béim ar an ngá atá le dlús a chur le rochtain ar mhaoiniú uas-scálaithe do ghnólachtaí nuathionscanta agus do FBManna, chun daoine tréitheacha, lena n-áirítear daoine a bhfuil baint acu leis an teicneolaíocht dhomhain, a chothú, a mhealladh agus a choinneáil, chun éiceachórais nuálaíochta a fheabhsú agus a chomhdhlúthú agus chun dul i ngleic leis an mbearna nuálaíochta san Eoraip;

– conclúidí uaithi an 2 Nollaig 2022 maidir le Bonneagair Thaighde, ina n-iarrtar go háirithe inbhuanaitheacht fhadtéarmach na mbonneagar taighde Eorpach a áirithiú, agus go gcuirfí éiceachóras na mbonneagar taighde san Eoraip chun cinn;

– na conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí an Mhárta 2023 agus ó mhí Aibreáin 2024, ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé timpeallacht a chothú atá níos fabhraí don nuálaíocht bunaithe ar eolaíocht den scoth lena gcuirtear dlús le glacadh agus uas-scálú an mhargaidh agus lena méadaítear infheistíochtaí amach anseo chun an sprioc 3 % de chaiteachas OTI a bhaint amach i ndáil le T&F;

– conclúidí uaithi an 8 Nollaig 2023 maidir le ról agus tionchar an taighde agus na nuálaíochta sa phróiseas ceaptha beartas san Aontas a neartú, ina gcuirtear in iúl gur féidir le próisis ceaptha beartas, atá bunaithe ar an eolaíocht, cáilíocht na dtionscnamh beartais a fheabhsú agus comhleanúnachas na dtionscnamh beartais a threisiú agus iomaíochas an Aontais a neartú agus go bhfeabhsófaí iomaíochas agus feidhmíocht nuálaíochta an Aontais agus saol na saoránach dá mbeadh comhordú níos fearr ann ar fud na n-éiceachóras nuálaíochta agus dá mbainfí úsáid níos éifeachtúla as na cumais agus na hacmhainní uile;

– an Moladh uaithi an 18 Nollaig 2023 maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip, ina n-iarrtar creatdálaí chun taighdeoirí tréitheacha a choinneáil san Aontas, ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé tacú le gairmeacha tarraingteacha taighde agus an acmhainneacht bainistithe taighde a neartú;

– a Moladh an 2 Nollaig 2022 maidir leis na treoirphrionsabail le haghaidh luachshocrú eolais, darb aidhm líne choiteann a ghlacadh maidir le bearta agus tionscnaimh bheartais chun luachshocrú eolais san Aontas a fheabhsú;

– an Moladh uaithi an 23 Bealtaine 2024 maidir leis an tsl´ándáil taighde a fheabhsú, darb aidhm cur chuige níos comhsheasmhaí a bhaint amach ar fud an Aontais agus ina moltar do na Ballstáit oibriú i dtreo tacar comhleanúnach gníomhaíochtaí beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar an tslándáil taighde;

– na conclúidí uaithi an 23 Bealtaine 2024 maidir le luachshocrú an eolais a neartú mar uirlis le haghaidh tionscal athléimneach iomaíoch agus le haghaidh neamhspleáchas straitéiseach i ngeilleagar oscailte san Eoraip, ina n-iarrtar go n-éascófaí rochtain ar chistiú riosca agus go dtiocfadh méadú ar shíolchaipiteal príobháideach agus poiblí agus ar chaipiteal fáis chomh maith le hidirnasc na n-éiceachóras nuálaíochta, na mbonneagar taighde agus teicneolaíochta agus gníomhaithe eile na n-éiceachóras atá le héascú;

– na conclúidí uaithi an 23 Bealtaine 2024 maidir leis an meastóireacht *ex post* ar Fhís 2020 agus ar an ionchas don todhchaí, ina leagtar béim ar ról lárnach an Chláir Réime mar an ionstraim lárnach ar leibhéal an Aontais chun tacú le taighde agus forbairt;

– Teachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2024 maidir le cur chun feidhme LET, ina gcuirtear san áireamh an dul chun cinn a rinneadh, agus ina leagtar amach ag an am céanna bealaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun LET a fhorbairt agus a fhorbairt amach anseo;

– tuarascáil Letta a foilsíodh an 10 Aibreán 2024, ina n-iarrtar go ndéanfaí an cúigiú saoirse den Mhargadh Aonair a bhaint amach trí shaorghluaiseacht taighde agus nuálaíochta a chumasú, i measc nithe eile;

– tuarascáil Draghi a foilsíodh an 9 Meán Fómhair 2024 ina n-iarrtar ar an Aontas leas a bhaint as a acmhainneacht nuálach trína iarrachtaí comhchoiteanna a athdhíriú chun an bhearna nuálaíochta le geilleagair dhomhanda eile a dhúnadh,

**Ról feabhsaithe T&N maidir le borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais**

1. athdhearbhaíonn sí tiomantas an Aontais maidir le feabhas a chur ar a iomaíochas fadtéarmach, ar a rathúnas, ar a aeráidneodracht faoi 2050, agus ar a cheannaireacht ar an ardán domhanda. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról lárnach atá ag beartais T&F an Aontais agus na mBallstát chun an cuspóir sin a bhaint amach. MOLANN SÍ go ndéanfaí T&F a leabú i gcroílár straitéisí an Aontais agus na mBallstát. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach seasamh agus ceannaireacht idirnáisiúnta an Aontais a fheabhsú chun iomaíochas an Aontais a neartú trí thaighde bunúsach agus feidhmeach ceannródaíoch agus trí nuálaíocht shuaiteach, chomh maith le barr feabhais eolaíoch. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR na dúshláin atá roimh an Aontas, ar dúshláin iad atá ag dul i méid agus atá idirnasctha, ó thaobh borradh a chur faoin iomaíochas, dlús a chur leis an dá aistriú, comhtháthú agus cuimsitheacht a áirithiú, agus an tslándáil eacnamaíoch agus an neamhspleáchas straitéiseach araon a áirithiú, agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur cheart ról lárnach a bheith ag T&N i gcomhréir le bunluachanna agus príomhthosaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear an t-iomaíochas mar aon leis an inbhuanaitheacht eacnamaíoch, chomhshaoil agus shóisialta, chun na dúshláin sin a shárú.

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE tuarascáil Draghi maidir le ‘Todhchaí Iomaíochas na hEorpa’, lena ndírítear ar iomaíochas an Aontais a chothú, go háirithe sna ardteicneolaíochtaí. IS DÍOL SÁSAIMH DI an anailís mhionsonraithe a rinneadh sa tuarascáil ar threochtaí iomaíochais dhomhanda agus taighde agus nuálaíochta, an fhís atá aici inar féidir le T&N rannchuidiú le táirgiúlacht agus iomaíochas a fheabhsú chomh maith le Dearbhú Bhúdaipeist[1] ina leagtar béim ar a phráinní atá sé an bhearna nuálaíochta a dhúnadh lenár n-iomaitheoirí domhanda agus san Aontas araon.

3. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá infheistíochtaí méadaithe i T&F agus an sprioc 3 % de OTI a bhaint amach, sprioc a d’athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach le déanaí sna conclúidí uaithi an 17-18 Aibreán 2024 agus i nDearbhú Bhúdaipeist an 8 Samhain 2024 chun an sprioc sin a bhaint amach faoi 2030, agus béim á leagan aici ag an am céanna ar an ngá atá le húsáid éifeachtúil a bhaint as cistí cháir réime T&N an Aontais agus ailíniú a áirithiú idir an cistiú náisiúnta agus an cistiú ón Aontas, agus ar an gcaoi sin infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha breise a ghiaráil. MEABHRAÍTEAR DI gur aithníodh sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an meastóireacht *ex-post* ar Fhís 2020 go bhfuil gá le buiséad agus cobhsaíocht leordhóthanach le linn chéim chur chun feidhme chláir réime T&F an Aontais, gan dochar do CAI an Aontais a bheidh ann amach anseo. MEABHRAÍONN SÍ gur gá leas a bhaint as infheistíochtaí poiblí a bhaineann le T&F ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus beartais agus athchóirithe T&N a cheapadh agus a chur chun feidhme lena gcruthófar na dálaí cearta chun infheistíochtaí T&F príobháideacha níos láidre a dhreasú. Thairis sin, molann sí do na Ballstáit agus don Choimisiún an meascán beartais is fearr is féidir a shainaithint lena méadófar an caiteachas príobháideach go dhá thrian d’infheistíochtaí T&F.

1 Dearbhú Bhúdaipeist i ndáil leis an gComhaontú Nua maidir le hIomaíochas na hEorpa

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go spreagann eolas agus smaointe an t-iomaíochas agus go bhfuil an tAontas ag brath ar thallann agus ar chruthaitheacht a phobail T&N ina iomláine a shlógadh go héifeachtach trí rochtain ar chistiú agus comhoibriú T&N a chothú bunaithe ar bharr feabhais eolaíoch agus trí bhearta nithiúla i dtreo simplithe. CUIREANN SÍ I bhFIOS, dá bhrí sin, go ndéanfar infheistíocht i gcórais náisiúnta T&N agus i gclár réime spriocdhírithe éifeachtúla T&N an Aontais lena maoinítear T&N den scoth. Thairis sin, LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shocheacnamaíocha Eorpacha agus dhomhanda trí chomhar leathan, cuimsitheach agus straitéiseach uile-Eorpach le rannpháirtíocht eintiteas príobháideach agus poiblí agus CUIREANN SÍ I bhFIOS an breisluach Eorpach a bhaineann le tionscadail chomhoibritheacha T&N ar mhionscála agus ar mhórscála araon.

5. AITHNÍONN SÍ go bhfuil sé tábhachtach an deighilt nuálaíochta idir na Ballstáit a shárú chun feabhas a chur ar iomaíochas na hEorpa. AITHNÍONN SÍ na hiarrachtaí suntasacha a rinneadh i ndáil leis an méid sin, ach mar sin féin, tá gá fós le dul chun cinn suntasach. Dá bhrí sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le hiarracht leanúnach chun an deighilt nuálaíochta a laghdú trí athchóirithe agus infheistíochtaí náisiúnta agus trí chláir ábhartha de chuid an Aontais lena dtacaítear le T&N, gan dochar don CAI a bheidh ann amach anseo. Dá bhrí sin, meabhraítear di an iarraidh ar an gCoimisiún measúnú agus cur i láthair a dhéanamh ar thionchar na roghanna éagsúla i dtreo cur chuige níos éifeachtaí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí saincheaptha do thíortha a thagann faoin bhfairsingiú, lena mbreithnítear na bunchúiseanna a sainaithníodh agus lena gcuidítear leis an deighilt T&N a dhúnadh. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gcabhrófaí le doimhniú na neamhionannas atá ann cheana a sheachaint dá leathnófaí barr feabhais trí chomhar ar fud na mBallstát.

6. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil sé ríthábhachtach leanúint d'éiceachórais T&N a thógáil agus a threisiú trí ghníomhaithe an héilics cheathrúil a idirnascadh ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach agus trí thionchar torthaí taighde den scoth agus réiteach nuálach a áirithiú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shocheacnamaíocha agus chun neamhspleáchas straitéiseach agus ceannasacht dhigiteach a fheabhsú. TUGANN SÍ AR AIRD gur cheart do na héiceachórais T&N sin na dúshláin, na riachtanais agus na deiseanna a léiriú, trí thógáil ar réimsí straitéiseacha a bhfuil neart réigiúnach ag baint leo, mar shampla, i gcomhréir le prionsabal na straitéisí um speisialtóireacht chliste.

7. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá ceapadh beartais agus cinnteoireacht fhianaise-shaibhrithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, agus a thábhachtaí atá próiseas comhchruthaithe lena gcuirtear ar chumas na ngníomhaithe uile sa héilics ceathrúil (lucht acadúil, an rialtas, lucht tionsclaíochta agus an tsochaí) a gcuid eolais agus taithí a chur ar fáil.

8. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá an comhar idirnáisiúnta chun dlús a chur leis an mbarr feabhais agus leis an taighde den chéad scoth is gá chun iomaíochas na hEorpa a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha a bhaineann leis an athrú aeráide, an tsláinte agus an digiteáil le comhpháirtithe domhanda. I bhfianaise ábharthacht gheopholaitiúil T&N a bheith ag dul i méid; LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá bearta comhréireacha agus éifeachtúla a áirithiú chun slándáil taighde a fheabhsú.

**Ról LET maidir le hiomaíochas a mhéadú agus ilroinnt a laghdú**

9. TACAÍONN SÍ le neartú LET, ós rud é go gcuireann sé le hiomaíochas an Aontais. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an dul chun cinn suntasach a rinneadh faoin gcéad Chlár Oibre Beartais LET (2022-2024) agus a thábhachtaí atá sé machnamh a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh. CUIREANN SÍ I dTREIS an ról ríthábhachtach atá ag creat beartais nua LET agus ag struchtúir rialachais LET a cuireadh ar bun in 2021, go háirithe an cur chuige comhdhearaidh agus cur chun feidhme. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé tiomantas leath na mBallstát ar a laghad a dhaingniú chun tacaíocht leathan pholaitiúil a áirithiú chun Clár Oibre Beartais LET a chur chun feidhme agus a thábhachtaí atá cur chuige deonach solúbtha maidir le gníomhaíochtaí LET a chur chun feidhme, coincheap na geoiméadrachta athraithí, mar a thugtar air, agus aithnítear ag an am céanna gur gá leanúint de bheith ag obair le chéile chun an margadh aonair don eolas, don taighde agus don nuálaíocht a bhaint amach agus ilroinnt a laghdú mar a athdhearbhaíodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le LET a chur chun feidhme.

10. TACAÍONN SÍ le huaillmhian na céime nua de Chlár Oibre Beartais LET (2025-2027), is é sin, dlús a chur le tionscnaimh chomhpháirteacha chun croíluachanna agus príomhacmhainneachtaí T&N san Eoraip a neartú, agus chun sineirgí a chruthú idir T&N agus beartais oideachais, thionsclaíocha agus earnála, mar a iarradh sa Chomhshocrú maidir le T&N. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a riachtanaí atá sé leanúint de bheith dírithe ar thorthaí nithiúla agus ar thorthaí éifeachtacha a bhaint amach trí shraith chuíchóirithe gníomhaíochtaí ar bhealach trédhearcach éifeachtúil chun cuspóirí LET a chomhlíonadh. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart, le gníomhaíochtaí LET, aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí an Chomhshocraithe, agus é mar aidhm cothromaíocht iomchuí a bhaint amach idir plean oibre uaillmhianach agus indéanta, agus freagairt don ghá atá le gníomhaíochtaí comhpháirteacha ar an leibhéal Eorpach.

11. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé sineirgí a neartú idir cistí agus cláir ábhartha de chuid an Aontais agus na mBallstát, chun tacú le LET a fhorbairt; ATHDHEARBHAÍONN SÍ, go háirithe, gur gá an Clár Réime a ailíniú ar bhealach níos fearr le creat beartais LET. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé comhsheasmhacht a áirithiú idir gníomhaíochtaí LET agus tionscnaimh bheartais ábhartha, cuir i gcás, an Clár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart na sineirgí sin a dhíriú go sainráite ar Chlár Oibre Straitéiseach an Aontais (2024-2029) a bhaint amach.

12. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an gá atá le ról neartaithe a bheith ag an gCoiste um an Limistéar Eorpach Taighde agus um Nuálaíocht (CLETN) i socrú tosaíochtaí comhpháirteacha agus i bpleanáil straitéiseach chomhpháirteach in éineacht le ról Fhóram LET agus grúpaí téamacha ábhartha eile i gcur chun feidhme Chlár Oibre Beartais LET, arb é comhordú agus ailíniú níos fearr an toradh idir pleanáil agus cur chun feidhme beartais an Aontais agus pleanáil agus cur chun feidhme beartais náisiúnta. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur tháinig méadú ar rannpháirtíocht eagraíochtaí páirtithe leasmhara mar thoradh ar LET athnuaite agus MOLANN SÍ feabhas a chur ar rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, go háirithe lucht tionsclaíochta, trí athbhreithniú a dhéanamh ar na catagóirí a ndéantar ionadaíocht orthu ag Fóram LET.

13. CUIREANN SÍ IN IÚL gur cheart féachaint ar na moltaí ábhartha ó thuarascáil Letta, go háirithe maidir le 'cúigiú saoirse', agus ar na moltaí ó thuarascáil Draghi i gcomhthéacs Airteagal 179(1) CFAE, chun LET lánfheidhmiúil a fhorbairt. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, agus, i gcás inarb iomchuí, leis na Tíortha Comhlachaithe agus na heagraíochtaí páirtithe leasmhara chun LET a fhorbairt trí dheireadh a chur leis na bacainní atá fós ann ar shaorchúrsaíocht taighdeoirí, eolais eolaíoch, teicneolaíochta agus sonraí, agus chun borradh a chur faoi chur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le T&N agus an Margadh Aonair. MEABHRAÍTEAR DI go bhféadfaí a áireamh ar na réimsí straitéiseacha comhleasa bonneagair thaighde agus theicneolaíochta, an eolaíocht oscailte, comhar trasnáisiúnta agus idirnáisiúnta, cothromaíocht inscne in T&N, clársceidealú comhpháirteach, gairmeacha taighde agus soghluaisteacht taighdeoirí, chomh maith le hathchóirithe struchtúracha in LET.

14. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na bhforbairtí maidir le LET a bhaint amach agus AITHNÍONN SÍ go gcuirtear fíricí agus léargas ar fáil le Sásra Faireacháin LET maidir leis an dul chun cinn. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an sásra sin a mhionchoigeartú trí thuarascálacha tíre LET a fhoirmliú i gcomhar le saineolaithe agus leis na Ballstáit, agus trí chreat tacaíochta a chur ar fáil lena gcothófar tiomantas níos láidre d’athchóirithe náisiúnta in T&N agus ceapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise.

**Acmhainn tallainne an Aontais a dhíghlasáil agus a chumhachtú**

15. AITHNÍONN SÍ gur príomhshócmhainn í an tallann chun fás eacnamaíoch, iomaíochas, nuálaíocht agus forbairt theicneolaíoch a spreagadh mar aon le dul chun cinn sochaíoch. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil ról lárnach ag na tosaíochtaí a comhaontaíodh sa Mholadh ón gComhairle maidir le gairmeacha taighde, lena n-áirítear an tsaoirse acadúil, neamhspleáchas institiúideach agus deiseanna leordhóthanacha gairme, chun tallann T&N a fhorbairt agus chun an Eoraip a choinneáil mar shuíomh atá tarraingteach ar fud an domhain don taighde. Dá bhrí sin, TACAÍONN SÍ le beartais, tionscnaimh agus cláir náisiúnta agus Eorpacha lena spreagtar cúrsaíocht daoine oilte agus lena dtéitear i ngleic le himirce daoine oilte agus lena dtacaítear le tallann agus gairmeacha, cuir i gcás, an Chomhairle Eorpach um Thaighde (ERC) agus Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie. MOLANN SÍ go gcuirfí an comhionannas inscne, an chothromaíocht inscne, comhionannas deiseanna agus cuimsitheacht do thaighdeoirí ó gach cúlra, agus agus go ndéanfaí úsáid, cur chun feidhme agus faireachán ionstraimí um athrú institiúideach a chur chun cinn, cuir i gcás, pleananna cuimsitheacha maidir le comhionannas inscne.

16. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR líonraí uile-Eorpacha de thaighdeoirí, fiontraithe, nuálaithe agus bainisteoirí agus gairmithe taighde a oscailt agus a threisiú chun cúrsaíocht níos fearr eolais, smaointe agus daoine a chumasú. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an breisluach uile-Eorpach agus an cuntas teiste maidir le gníomhaíochtaí COST (an Comhar Eorpach san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht) chun líonraí Eorpacha cuimsitheacha T&N a chruthú a ngineann a n-éifeachtaí iarmharta saineolas den scoth agus comhar T&N.

17. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit taighdeoirí, fiontraithe, nuálaithe agus gach bainisteoir taighde a chumhachtú agus tacú le gairmithe feabhas a chur ar a gcuid scileanna, ar a n-inniúlachtaí agus ar a ndearcthaí ó thaobh barr feabhais de agus ó thaobh tionchar a imirt, lena gcumasófar glacadh na dteicneolaíochtaí digiteacha, chun freastal ar riachtanais an mhargaidh agus na hearnála. MEASANN SÍ gur cheart aird níos láidre a thabhairt freisin ar ghairmeacha taighdeoirí luathchéime agus ar an mbearna idir na hinscní i mbeartais a bheidh ann amach anseo agus gur cheart go méadófaí infheictheacht eiseamláirí agus na scéalta ratha le go mbeifí in ann tallann a chothú. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go dteastaíonn athrú i ndearcadh na ngníomhaithe in éiceachóras T&N i leith idirnascthacht na heolaíochta, an taighde, na nuálaíochta, na fiontraíochta, luachshocrú eolais agus rioscaí a ghlacadh, eadhon trí shoghluaisteacht agus idirphlé earnálach, go dteastaíonn an t-athrú sin chun an t-iomaíochas a mhéadú.

**Naisc a chothú: Bonneagair thaighde agus theicneolaíochta na hEorpa a neartú**

18. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá Bonneagair Eorpacha Thaighde agus Theicneolaíochta mar shócmhainní straitéiseacha chun borradh a chur faoi T&N, faoi fhionnachtana eolaíocha agus faoi fhorbairtí teicneolaíochta doimhne agus chun eolas a aistriú chuig nuálaíocht ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach, agus chun oiliúint a chur ar thaighdeoirí agus ar ghairmithe ardoilte agus iad a fhostú. TUGANN SÍ DÁ hAIRE acmhainneacht na mBonneagar Taighde agus Teicneolaíochta ról láidir a bheith acu maidir le hacmhainn T&N na n-eagraíochtaí a dhéanann taighde, gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna agus an tionscail in éiceachórais áitiúla agus réigiúnacha a mhéadú, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar an iomaíochas, agus ilroinnt a shárú. MOLANN SÍ go mbainfí úsáid níos fearr as saoráidí agus seirbhísí bonneagair thaighde agus theicneolaíochta ar fud an Aontais ar fad agus go n-imscarfaí na saoráidí agus na seirbhísí sin ar bhealach níos fearr. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta ag an gCoimisiún maidir le tuarascáil a thíolacadh ar bheartais lena dtacaítear le Bonneagair Theicneolaíochta san Aontas agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint dá chuid oibre i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara.

19. MEABHRAÍTEAR DI Dearbhú Tenerife maidir le Bonneagair Thaighde[2], inar iarradh go n-áiritheofaí inbhuanaitheacht fhadtéarmach na mbonneagar taighde, lena gcumhdófaí ní hamháin a ndearadh agus a dtógáil, ach a rialachas, a n-oibríochtaí agus a soláthar seirbhíse freisin, ar cheart scéimeanna agus sásraí leordhóthanacha cistiúcháin a fhiosrú ina leith. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go mbeadh gá le tuilleadh gníomhaíochtaí nithiúla ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, go háirithe ar mhaithe le rannpháirtíocht níos fearr na mBallstát beag. Thairis sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR róil chomhlántacha an Choimisiúin, na mBallstát agus gníomhaithe príobháideacha, chun an cistiú is gá a áirithiú do bhonneagair thaighde agus theicneolaíochta a bhfuil ábharthacht Eorpach ag baint leo (go háirithe mórthionscadail ESFRI agus ERICanna) chun rochtain mhéadaithe agus níos cuimsithí a chumasú.

20. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cleachtais agus bonneagair na heolaíochta oscailte agus na nuálaíochta oscailte a chur chun cinn, lena n-éascaítear comhroinnt eolais, sonraí agus acmhainní thar theorainneacha, de réir an phrionsabail 'a oscailte is féidir, a iata is gá'.

**An nuálaíocht a spreagadh: Fás agus infheistíocht san Eoraip a chothú**

21. MEASANN SÍ gur tosaíocht é creatdálaí gnó atá solúbtha agus fabhrach d'infheisteoirí a áirithiú le haghaidh nuálaíochta i gcomhréir leis na treochtaí domhanda lena n-éascaítear oibriú agus fás gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis sa Mhargadh Aonair, agus ar an gcaoi sin borradh a chur faoin nuálaíocht agus cumais theicneolaíocha agus iomaíochas an Aontais a neartú.

22. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá an nuálaíocht shuaiteach agus teicneolaíochtaí suaiteacha chun iomaíochas an Aontais a fheabhsú. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit féachaint an gá scéimeanna tacaíochta a fhorbairt lena gcuirfí gníomhaíochtaí nuálaíochta ardriosca/ardluacha chun cinn. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá leanúint de thacaíocht a thabhairt do gach cineál nuálaíochta – ó nuálaíocht incriminteach go nuálaíocht cheannródaíoch – agus a áirithiú go dtacófar le FBManna chun nuáil a dhéanamh agus a n-athléimneacht a neartú, rud a chuirfidh dlús leis an iomaíochas.

[2] 230926_Declaration_Tenerife.pdf

23. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, mar a cuireadh in iúl i dtuarascáil Draghi, go bhfuil easnamh an Aontais maidir le teicneolaíochtaí nua a fhorbairt agus iad a mhéadú ó scála chun a n-acmhainn iomlán gnó a bhaint amach á spreagadh freisin ag caiteachas príobháideach neamhleor in T&N agus ag éiceachóras airgeadais atá sách tearcfhorbartha. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé infheistíochtaí caipitil fiontair príobháideacha a mhealladh i gcistiú na nuálaíochta agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé infheistíochtaí príobháideacha uile-Eorpacha a spreagadh chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí móra sa mhargadh. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit dreasachtaí a chur ar fáil d’infheisteoirí príobháideacha, d’aingil ghnó agus d’ardáin sluachistiúcháin chun infheistíocht phríobháideach a mhéadú i gcistiú nuálaíochta agus cultúr infheistíochta glactha riosca a phríomhshruthú. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé úsáid straitéiseach an tsoláthair nuálaíochta a neartú agus a shimpliú, chun dlús a chur le forbairt agus imscaradh réiteach nuálach san Eoraip.

24. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit na hionstraimí cistiúcháin a dhéanamh níos tarraingtí, níos éifeachtúla sa chaoi nach mbeidís chomh casta céanna d’iarratasóirí agus do thairbhithe trína n-ualach riaracháin a laghdú go suntasach (go háirithe i gcás infheistíochtaí caipitil fiontair), trí úsáid sprioc-amanna rollacha agus boscaí gainimh rialála a leathnú.